

- |   |   |
|---|---|
| 1. <b>Bí</b> cúramach.<br><b>Ná bí</b> dána.  | <b>Be</b> careful.<br><b>Don't be</b> bad.  |
| 2. <b>An bhfuil</b> tú go maith?<br><b>Tá. Tá</b> mé ar fheabhas.<br><b>Níl. Tá</b> mé tinn inniu.  | <b>Are</b> you well?<br><b>Yes. I am</b> excellent.<br><b>No. I am</b> sick today.  |
| 3. <b>An raibh</b> tú sa bhaile inné?<br><b>Bhí. Bhí</b> mé sa ghairdín.<br><b>Ní raibh. Bhí</b> mé ag taisteal.  | <b>Were</b> you at home yesterday?<br><b>Yes. I was</b> in the garden.<br><b>No. I was</b> travelling.  |
| 4. <b>An mbíonn</b> tú ag obair ar maidin?<br><b>Bíonn. Bí</b> m ag obair go crua.<br><b>Ní bhíonn. Bí</b> m ag obair san oíche.  | <b>Do</b> you work in the morning?<br><b>Yes. I work</b> hard.<br><b>No. I work</b> at night.   |
| 5. <b>An mbeidh</b> tú ag Teach na hÉireann ar an deireadh seachtaine?<br><b>Beidh. Beidh</b> mé ag freastal ansin.<br><b>Ní bheidh. Ní bheidh</b> mé ann.                              | <b>Will</b> you <b>be</b> at the House of Ireland on the weekend?<br><b>Yes. I will be</b> serving there.<br><b>No. I won't be</b> there.                                     |
| 6. <b>An mbeifeá</b> sásta dá <b>mbeadh</b> a lán airgid agat?<br><b>Bheinn. Bheinn</b> lánsásta.<br><b>Ní bheinn. Ní bheinn</b> sásta le tuilleadh airgid.                             | <b>Would</b> you <b>be</b> happy if you had a lot of money?<br><b>Yes. I would be</b> really happy.<br><b>No. I wouldn't be</b> happy with more money.                        |
| 7. Ar mhaith leat <b>a bheith</b> in Éirinn?<br>Caithfidh tú <b>a bheith</b> ciúin.<br>Dúirt sí <b>gan a bheith</b> dána.   | Would you like <b>to be</b> in Ireland?<br>You have <b>to be</b> quiet.<br>She said <b>not to be</b> bad.   |
| 8. <b>Ceisteanna</b><br>a. Conas atá tú inniu?<br><br>b. An bhfuil peata agat?<br><br>c. An mbíonn tú ag snámh?<br><br>d. Cá raibh tú inné?<br><br>e. An mbeidh tú in Éirinn i mbliana? | <b>Questions</b><br>a. How are you today?<br><br>b. Do you have a pet?<br><br>c. Do you swim?<br><br>d. Where were you yesterday?<br><br>e. Will you be in Ireland this year? |

**Seanfhocail**

**Proverbs**

1. An té a bhíonn siúlach, bíonn sé scéalach. He who travels has stories to tell.
2. Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste. Broken Irish is better than clever English.
3. Tús maith leath na h-oibre. A good start is half the work.
4. Tír gan teanga, tír gan anam. A country without a language is a country without a soul.
5. Níl aon tinteán mar do thinteán féin. There's no place like home. (There's no hearth like your own hearth).
6. Ní neart go cur le chéile. There is no strength without unity.
7. Mol an óige agus tiocfaidh sí. Praise the youth and they will flourish.
8. Is fearr an tsláinte ná na táinte. Health is better than wealth.
9. Mura bhfuil tú ag dul chun cinn, tá tú ag dul siar. If you're not going forward, you're going backward.
10. Bíonn dhá insint ar scéal agus dhá leagan déag ar amhrán. There are two sides to every story and twelve versions of a song.
11. Is Cuma leis an óige cá leagann sí a cos. Youth does not mind where it sets its foot.
12. Má bhuaileann tú mo mhadra, buailfidh tú mé féin. If you hit my dog you hit myself.
13. Is maith an scáthán súil charad. A friend's eye is a good mirror.
14. „Siúil díreach, a mhic” – mar a dúirt an seanphortán leis an bportán óg. “Walk straight, my son” – as the old crab said to the young crab.

**Caide sin don té sin**

**Traditional (Clannad)**

- |  |  |
|--|--|
| 1. Chuaigh mé chun aonaigh is dhíol mé mo bhó              | I went to the fair and I sold my cow                 |
| 2. Ar chúig phunta airgid is ar ghiní bhuí óir             | For five pounds of silver and a golden guinea        |
| 3. Má ólaim an t-airgead is má bhronnam an t-ór            | If I drink the silver and if I give away the gold    |
| 4. Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó            | Oh what does it matter to the one it doesn't concern |
| 5. Má théim 'na choille chraobhaigh cruinniú sméara nó cnó | If I go to the thick woods to gather berries or nuts |
| 6. A bhaint úllaí de ghéaga nó a bhuachailleacht bó        | To take apples from the branches or to herd cows     |
| 7. Má shínim seal uaire faoi chrann a dhéanamh só          | If I stretch out under a tree for an hour to relax   |
| 8. Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó            | Oh what does it matter to the one it doesn't concern |
| 9. Má théimse chuig áirneál is rince is spórt              | If I go to night-visiting and a dance and fun        |
| 10. Chuig aonach is rásaí is gach cruinniú den tsórt       | To a fair and races and every such gathering         |
| 11. Má chím daoine súpach is má bhím súpach leo            | If I see people merry and if I'm merry with them     |
| 12. Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó           | Oh what does it matter to the one it doesn't concern |

**Caide sin don té sin**

**Traditional (Clannad)**

- |   |  |
|---|--|
| 13. Deir daoine go bhfuil mé gan rath<br>is gan dóigh | People say that I'm good for nothing<br>and a wastrel        |
| 14. Gan earra gan éadáil gan bólacht<br>ná stór       | Without goods, without wealth, without<br>cattle or treasure |
| 15. Ach má tá mise sásta 'mo chónaí i<br>gcró         | But if I'm happy with living in a shack                      |
| 16. Ó cad é sin don té sin nach<br>mbaineann sin dó   | Oh what does it matter to the one it<br>doesn't concern      |